

Margaret Falsey,
Rúnaíocht na gCoistí,
An Coiste um Chuntais Phoiblí
Teach Laighean,
Baile Atha Cliath 2.

17/10/2016

Margaret, a chara,

Tagraím dod litir chugam 28 Meán Fómhair. Seo an t-eolas a lorg tú.

Ceapadh Pól Ó Gallchóir mar Ardstiúrthóir ar TG4 ar 1 Aibreán 2007, ar chonradh trí bliana mar théarma tosaigh agus an féidearthacht ann do thréimhse breise ceithre bliana. Sa bhliain 2010, d'aontaigh agus mhol an Bord go dtairgfí conradh le téarma cheithre bliana eile dó faoi mar a bhí ceadaithe sa gcéad chonradh. Cé nár síníodh an conradh sin go 31 Iúil 2012, rinneadh siar-dhátú air go dáta críochnaithe an chéad chonartha.


Maidir leis an gconradh sin i 2010, mheas an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha nár ghá toiliú an Rialtais dó mar gur síneadh ar chonradh a bhí ann cheana a bhí i gceist. D'admhaigh an Roinn ó shin nach raibh sin ag teacht le forálacha Alt 89(3) den Acht Craolacháin 2009. Cé nach raibh aon leasú i gceist ar íocaíocht an Uasal Uí Ghallchóir sa síneadh ar an gconradh, bhí athruithe ar roinnt de na téarmaí agus de na coinníollacha a d'fhág gur cheart toiliú an Rialtais a bheith iarrtha.

I Márta 2013, bliain roimh dheireadh téarma an chonartha 31 Márta 2014, d'iarr an Bord go gcuirfí síneadh dhá bhliain ar chonradh an Ardstiurthóra. Cheadaigh an Roinn an síneadh dhá bhliana ach le coinníollacha áirithe, laghdú tuarastail ina measc. Ina fhreagra, dheimhnigh an tUasal Ó Gallchóir a cheart ar chonradh ar feadh tréimhse éiginnte, bunaithe ar na conarthaí a bhí aige roimhe sin.

Ag cruinniú 9 Bealtaine 2016, d'hearbhaigh Bord TG4 go raibh sé sásta comhaontú a dhéanamh leis an Uasal Ó Gallchóir a thabharfadh a thréimhse oifige chun críche ar théarmaí a bhí sásúil don dá thaobh. Ar 14 Meitheamh 2016, cheadaigh an Rialtas don Aire glacadh le cinneadh an Bhoird. Tháinig deireadh le tréimhse oifige an Uasal Uí Ghallchóir ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2016.

Ar 8 Meán Fómhair 2016, cheadaigh an Rialtas ceapachán Alan Esslemont mar Ardstiúrthóir nua TG4 de réir na bhforálacha in Alt 89 den Acht Craolacháin 2009. Rinneadh an ceapachán seo, a bhfuil feidhm leis ó lár Dheireadh Fómhair 2016, de thoradh phróiseas earcaithe poiblí a d'eagraigh Bord TG4 as ar aithníodh an tUasal Esslemont ar an iarrthóir ab oiriúnaí.

Is mise le meas,



Siún Ní Raghallaigh,
Cathaoirleach